2026/1538

2.7.2026

CINNEADH (AE) 2026/1538 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 23 Meitheamh 2026

lena dtarmligtear na cumhachtaí cinnteoireachta in ábhair a bhaineann le comhaontuithe le custaiméirí chóras comhpháirte TARGET-BCE (*BCE/2026/13*)

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Banc Ceannais Eorpach (BCE) freagrach as glacadh le custaiméirí ina chóras comhpháirte TARGET-BCE, comhaontuithe a thabhairt i gcrích leis na custaiméirí sin, agus na comhaontuithe a leasú i gcás inar gá, go háirithe chun iad a ailíniú le leasuithe ar théarmaí agus coinníollacha TARGET-BCE a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/911 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/22) ([1]).

(2) Chun rialachas éifeachtach agus éifeachtúlacht oibríochtúil a áirithiú, is iomchuí don Bhord Feidhmiúcháin a chumhachtaí cinnteoireachta maidir le leasuithe ar chóras comhpháirte TARGET-BCE, agus comhaontuithe le custaiméirí an chórais sin, a tharmligean chuig comhalta amháin den Bhord Feidhmiúcháin agus fo-tharmligean cumhachtaí cinnteoireachta den sórt sin chuig leibhéal na bainistíochta sinsearaí a chumasú.

(3) Ar na cúiseanna céanna, is iomchuí freisin don Bhord Feidhmiúcháin a chumhachtaí cinnteoireachta maidir le foirceannadh comhaontuithe le custaiméirí chóras comhpháirte TARGET-BCE a tharmligean chuig comhalta amháin den Bhord Feidhmiúcháin agus fo-tharmligean na gcumhachtaí cinnteoireachta sin a chumasú chuig leibhéal na bainistíochta sinsearaí i gcás nach mór comhaontuithe den sórt sin a fhoirceannadh láithreach gan fógra roimh ré mar gheall ar thionscnamh imeachtaí dócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 24(1) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2022/911 (BCE/2022/22) agus/nó nach gcomhlíonann rannpháirtí TARGET na critéir rochtana a leagtar síos in Airteagal 4 d'Iarscríbhinn I den Chinneadh sin a thuilleadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tarmligean agus fo-tharmligean cumhachtaí cinnteoireachta

1. Déanann an Bord Feidhmiúcháin leis seo na cumhachtaí cinnteoireachta a tharmligean chuig an gcomhalta den Bhord Feidhmiúcháin atá freagrach as bonneagar margaidh agus íocaíochtaí chun foirceannadh comhaontuithe le custaiméirí chóras comhpháirte TARGET-BCE, agus leasuithe orthu, a fhormheas thar ceann BCE, i gcomhréir le hAirteagal 2.

2. Cuireann an Bord Feidhmiúcháin ar chumas an chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin atá freagrach as bonneagar margaidh agus íocaíochtaí na cumhachtaí cinnteoireachta dá dtagraítear i mír 1 a fho-tharmligean chuig an Ard-Stiúrthóir, nó ina n-éagmais sin chuig an Leas-Ard-Stiúrthóir, Bonneagar Margaidh agus Íocaíochtaí.

([1]) Cinneadh (AE) 2022/911 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Aibreán 2022 lena nglactar téarmaí agus coinníollacha TARGET BCE agus lena n-aisghairtear Cinneadh BCE/2007/7 (BCE/2022/22) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/911/oj).

Airteagal 2

Critéir le haghaidh cinntí a bhaineann le comhaontuithe custaiméirí TARGET-BCE

1. Beidh tarmligean agus fo-tharmligean cumhachtaí cinnteoireachta chun leasú ar chomhaontuithe le custaiméirí chóras comhpháirte TARGET-BCE a fhormheas teoranta do leasuithe orthu a chomhlíonann aon cheann de na critéir seo a leanas:

(a) tá siad i gcomhréir le forálacha Chinneadh (AE) 2022/911 (BCE/2022/22);

(b) is de chineál teicniúil amháin iad, lena n-áirítear nuashonruithe ar an lámhleabhar oibríochtúil, agus níl tionchar diúltach airgeadais acu ar BCE.

2. Beidh tarmligean agus fo-tharmligean cumhachtaí cinnteoireachta chun foirceannadh comhaontuithe le custaiméirí chóras comhpháirte TARGET-BCE a fhormheas teoranta d'fhoirceanntaí a dhéantar de bhun Airteagal 24(1) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2022/911 (BCE/2022/22).

Airteagal 3

Oibleagáid tuairiscithe

Na daoine ar tarmligeadh nó ar fo-tharmligeadh na cumhachtaí cinnteoireachta dá dtagraítear in Airteagal 1 chucu, cuirfidh siad an Bord Feidhmiúcháin ar an eolas go bliantúil faoi na cinntí a rinneadh i ndáil le tarmligean nó fo-tharmligean faoin gCinneadh seo.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 31 Iúil 2026.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 23 Meitheamh 2026.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE